An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection

An tAcht um Inscne a Aithint 2015

Tuarascáil Bhliantúil 2025

(arna hullmhú de réir alt 6 den Acht)

Meitheamh 2026

Clár na nÁbhar

1. Réamhrá 1
2. Cúlra 1
3. Incháilitheacht agus iarratais 2
4. Teastas breithe nua a eisiúint 4
5. Forálacha eile an Achta 2015 6
   Cónaitheoirí nár rugadh in Éirinn 6
   Aitheantas ar theastas a eisíodh i ndlínse eile 6
6. Cúlghairmeacha 6
7. Leasuithe ar dheimhnithe aitheantais inscne 7
8. Pasanna agus Saoránacht 7
   Pasanna 7
   Náisiúntacht agus Saoránacht 7
9. Clár aitheantais inscne maidir le huchtálacha idir tíortha 8

1. **Réamhrá**

Ullmhaíodh an Tuarascáil Bhliantúil seo chun na hoibleagáidí atá leagtha amach in alt 6 den Acht um Inscne a Aithint 2015 a chomhlíonadh.

Soláthraítear sa tuarascáil faisnéis ar fheidhmiú na bpróiseas agus na nósanna imeachta atá leagtha síos san Acht. Faisnéis maidir le hiarratais a dhéantar ar dheimhniú aitheantais inscne, iarratais lena bhfuil aitheantas ag iarratasóir i ndlínse eile cheana féin, iarratais ón sealbhóir ar dheimhniú aitheantais inscne a chúlghairm, cúlghairmeacha a dhéantar ag an Aire ar dheimhnithe aitheantais inscne agus ceartú ar dheimhniú aitheantais inscne.

Is í seo an deichiú tuarascáil a ullmhaíodh faoin Acht agus clúdaíonn sí an tréimhse ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025. Tá tuarascálacha bliantúla ó na blianta roimhe seo ar fáil ar shuíomh gréasáin Rialtas na hÉireann[1].

2. **Cúlra**

D'eascair an gá le reachtaíocht a thabhairt isteach sa réimse seo as Ordú ón Ard-Chúirt i mí an Mhárta 2008. Dearbhaíodh san Ordú go raibh ailt áirithe den Acht um Chlárú Sibhialta 2004 contrártha le hoibleagáidí an Stáit faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine toisc nach raibh foráil sna hailt sin do phróiseas aitheantais inscne. Chun aghaidh a thabhairt air sin, tá foráil á déanamh san Acht le go n-aithneoidh an Stát inscne roghnaithe duine go hiomlán chun gach críche. Is le deimhniú aitheantais inscne a eisítear ag an Roinn Coimirce Sóisialaí go mbaintear é sin amach. Go sonrach, luaitear in alt 18 den Acht:

> *'I gcás go n-eiseofar deimhniú aitheantais inscne chuig duine, is í inscne an duine ó dháta na heisiúna sin, chun gach críche, an rogha inscne sa dóigh, más í an inscne fhireann an rogha inscne, gurb é gnéas an duine gnéas fir, agus, más í an inscne bhaineann an rogha inscne, gurb é gnéas an duine gnéas mná.'*

I measc éifeachtaí eile na reachtaíochta maidir leo siúd ar mian leo go n-aithneofaí a n-inscne, tá an méid seo a leanas:

- Is féidir leis an duine a bhfuil a rogha inscne aitheanta teastas breithe nua a fháil ó Oifig an Ard-Chláraitheora (GRO) ar a dtaispeántar an rogha inscne agus na hainmneacha nua (má athraíodh ainmneacha freisin) más rud é go bhfuil a b(h)reith cláraithe in Éirinn.

[1] https://www.gov.ie/en/publication/292d01-annual-reports-under-section-6-of-the-gender-recognition-act-2015/

- Ní dhéanfar aon difear do leanúint d'fheidhmiú agus d'aithint gach cirt, gach freagrachta agus gach iarmharta de bharr gníomhartha a rinne an duine ina (h)inscne bhunaidh roimh dháta an aitheantais.

Áirítear ar phríomhghnéithe an Achta forálacha maidir leis an méid seo a leanas:

- Samhail féindearbhaithe do dhaoine trasinscneacha atá 18 mbliana d'aois nó níos sine chun aitheantas ar a n-inscne a lorg.
- Úsáid an téarma 'rogha inscne' i bhfoclaíocht an Achta.
- Socruithe maidir le haitheantas inscne do leanaí atá 16 agus 17 mbliana d'aois.
- Clárú duine ar Chlár um Inscne a Aithint lena gceadaítear teastais bhreithe a eisiúint in ainm agus inscne roghnaithe an duine; agus
- Ailíniú na reachtaíochta i ndáil le heisiúint pasanna agus gnéithe eile de shaoránacht.

3. Incháilitheacht agus iarratais

Is féidir le duine iarratas ar Dheimhniú Aitheantais Inscne a dhéanamh chuig an Aire Coimirce Sóisialaí má tá siad 18 mbliana d'aois ar a laghad agus:

- má tá siad cláraithe ar chlár na mbreitheanna in Éirinn NÓ
- má tá siad cláraithe ar chlár na leanaí uchtaithe in Éirinn NÓ
- má tá siad cláraithe ar chlár na n-uchtálacha idir tíortha in Éirinn NÓ
- má tá siad ar taifead i leabhar iontrálacha breitheanna coigríche nó ar Chlár na mBreitheanna Coigríche, a choimeádtar ag an Aire Gnóthaí Eachtracha.

Is féidir le haon duine a rugadh lasmuigh den Stát ach a bhfuil gnáthchónaí orthu sa Stát iarratas a dhéanamh freisin.

Leanaí

Is féidir iarratas a dhéanamh thar ceann leanbh atá 16 nó 17 mbliana d'aois má fhaightear ordú cúirte lena dtugtar díolúine don leanbh ón riachtanas aoise a chomhlíonadh. Níl aon fhoráil ann d'aitheantas inscne do leanaí faoi bhun 16 bliana d'aois.

Clárú daoine ar tugadh aitheantas inscne dóibh i ndlínse eile

Is féidir le duine a d'athraigh a (h)inscne faoi dhlí stáit eile iarratas ar Dheimhniú Aitheantais Inscne a dhéanamh chuig an Aire.

Iarratais ar Dheimhniú Aitheantais Inscne

Is í an Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS) a dhéanann iarratais ar aitheantas inscne a phróiseáil. Faoi alt 8(3) den Acht, is féidir leis an Aire a chinneadh deimhniú aitheantais inscne a eisiúint nó diúltú do dheimhniú aitheantais inscne a eisiúint. I gcás go ndéantar cinneadh diúltú d'iarratas, ní mór don Aire, faoi alt 8(5), na cúiseanna leis an gcinneadh a chur in iúl don iarratasóir agus ceart an iarratasóra chun achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Teaghlaigh Chuarda a chur in iúl dóibh. Is gá an t-achomharc a dhéanamh laistigh de 90 lá ó dháta an fhógra.

Nuair a dhéantar an t-iarratas a phróiseáil, eisítear deimhniú aitheantais inscne laistigh de 2-3 lá oibre ón gcinneadh chun deonaithe. Ba é 395 líon iomlán na n-iarratas ar dheimhniú aitheantais inscne a fuair an Roinn Coimirce Sóisialaí in 2025.

Soláthraítear i **dTábla 1** eolas ar líon na n-iarratas do na blianta 2015 go deireadh 2025.

Tábla 1 – Iarratais agus torthaí do Dheimhnithe Aitheantais Inscne

Bliain	Iarratais a fuarthas i rith na bliana			Iarratais a deonaíodh i rith na bliana§			Iarratais ar diúltaíodh dóibh		
	16 nó 17 mbliana d'aois	18 mbliana d'aois nó níos sine	Iomlán	16 nó 17 mbliana d'aois	18 mbliana d'aois nó níos sine	Iomlán	16 nó 17 mbliana d'aois	18 mbliana d'aois nó níos sine	Iomlán
2015∞	2	87	**89**	2	87	**89**	Nialas	Nialas	Nialas
2016	6	104	**110**	6	103	**109**	Nialas	Nialas	Nialas
2017	3	96	**99**	2	95	**97**	Nialas	1	1
2018	2	131	**133**	2	122	**124**	Nialas	Nialas	Nialas
2019	2	166	**168**	1	159	**160**	Nialas	Nialas	Nialas
2020	1	114	**115**	1	107	**108**	Nialas	Nialas	Nialas
2021	1	194	**195**	1	194	**195**	Nialas	Nialas	Nialas
2022	3	316	**319**	3	318	**321**	Nialas	Nialas	Nialas
2023	4	350	**354**	3	338	**341**	Nialas	5	5
2024	4	336	**340**	3	334	**337**	1	10	11
2025	11	384	**395**	9	358	**367**	1	4	5
Iomláin	**39**	**2278**	**2317**	**33**	**2215**	**2248**	**2**	**20**	**22**

§ Féadfar iarratais a fhaightear i mbliain amháin a dheonú i mbliain ina dhiaidh sin de réir mar a bhíonn iarratais ag fanacht le cinneadh ag deireadh aon bhliana ar leith.

∞ 2015: Ó Thosach Feidhme an Achta an 4 Meán Fómhair 2015 go dtí an 31 Nollaig 2015

Féadfar diúltú d'iarratas mura bhfuil an t-iarratasóir incháilithe chun iarratas a dhéanamh (mar a fhoráiltear dó in alt 9 den Acht); nó más inscne seachas fireann nó baineann, nach bhfuil clúdaithe ag forálacha an Achta, í rogha inscne an duine; nó más iarratas i leith duine atá 16 nó 17 mbliana d'aois é an t-iarratas agus murar soláthraíodh an díolúine chúirte mar a cheanglaítear faoi alt 12.

In 2025, diúltaíodh do thrí iarratas mar gheall nach raibh na hiarratasóirí ina gcónaí sa Stát, diúltaíodh d'iarratas amháin de bharr nár cuireadh fianaise bhreithe isteach, agus diúltaíodh d'iarratas amháin eile mar gheall ar easpa na díolúine cúirte a bhí riachtanach.

Tábla 2 - Deimhnithe Aitheantais Inscne a deonaíodh - Fireann go Baineann agus Baineann go Fireann

Bliain	Iomlán a Deonaíodh	Deonaithe: daoine atá 18 mbliana d'aois nó níos sine			Deonaithe: daoine atá 16 nó 17 mbliana d'aois		
		Iomlán	Fireann go Baineann	Baineann go Fireann	Iomlán	Fireann go Baineann	Baineann go Fireann
2015[∞]	89	87	58	29	2	1	1
2016	109	103	59	44	6	0	6
2017	97	95	55	40	2	2	0
2018	124	122	57	65	2	0	2
2019	160	159	80	79	1	1	0
2020	108	107	46	61	1	0	1
2021	195	194	90	104	1	0	1
2022	321	318	163	155	3	0	3
2023	341	338	193	145	3	1	2
2024	337	334	192	142	3	0	3
2025	367	358	214	144	9	5	4
Iomláin	**2248**	**2215**	**1207**	**1008**	**33**	**10**	**23**

[∞] 2015: Ó Thosach Feidhme an Achta an 4 Meán Fómhair 2015 go dtí an 31 Nollaig 2015

4. Teastas breithe nua a eisiúint

Leasaíodh an tAcht um Chlárú Sibhialta 2004 leis an Acht um Inscne a Aithint 2015, trínar ceanglaíodh ar an Ard-Chláraitheoir Clár Aitheantais Inscne a bhunú agus a choimeád.

Nuair a fhaigheann duine a rugadh in Éirinn agus a bhfuil a bhreith taifeadta i gClár na mBreitheanna, nó i gClár na Leanaí Uchtaithe in Éirinn, deimhniú aitheantais inscne a dheimhníonn a n-inscne is fearr leo ón RCS, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh chuig an GRO le bheith san áireamh i gClár an Aitheantas Inscne. Níl sé seo éigeantach agus is rogha roghnach don duine é.

Mar sin féin, féadfaidh duine atá cláraithe sa Chlár um Inscne a Aithint iarratas a dhéanamh chuig an GRO ina dhiaidh sin ar theastas breithe nua a chuimseoidh a n-inscne is fearr leo, mar aon leis na sonraí breithe.

Tá cuma na dteastas breithe a eisítear ón gClár um Inscne a Aithint cosúil le teastais a eisítear ón gClár Breitheanna agus comhlíonann siad na ceanglais dhlíthiúla go léir maidir le teastais.

Forálann alt 30D den Acht um Chlárú Sibhialta go gcoimeádfaidh an tArd-Chláraitheoir innéacs chun an nasc idir gach iontráil i gClár um Aithint Inscne agus an iontráil chomhfhreagrach i gClár na mBreitheanna nó i gClár na Leanaí Uchtáilte a rianú. Foráiltear san alt sin den Acht freisin nach féidir rochtain phoiblí a fháil ar an innéacs lena nasctar na cláir ná nach féidir aon fhaisnéis ón innéacs sin a thabhairt d'aon duine ach amháin le hordú cúirte. Tá na forálacha sin ann chun príobháideacht an duine lena mbaineann a áirithiú.

Ar mhaithe le rúndacht a chinntiú tuilleadh, ní féidir teastais bhreithe ar a dtaispeántar inscne nua agus (más infheidhme) ainm nua duine a fháil ó Oifig an Ard-Chláraitheora ach amháin ag an duine lena mbaineann an teastas breithe nó, má tá siad éagtha, ag na baill dá dteaghlach atá fós beo. I **dTábla 3** tugtar breac-chuntas ar líon iomlán na gclárúchán ag Oifig an Ard-Chláraitheora ar an gClár um Inscne a Aithint, a ndearna anailís orthu de réir aoise.

Ba é 203 líon iomlán na gclárúchán a rinneadh ar an gClár um Inscne a Aithint le linn 2025. Tá níos mó ná 75% de na clárúcháin i leith daoine idir 18 agus 30 bliain d'aois.

Tábla 3 - Clárúcháin ar an gClár um Inscne a Aithint de réir aoise

Bliain	Aoisraon						
	16-17	18-30	31-40	41-50	51-60	61+	Iomlán
2015[∞]	1	16	11	12	8	8	**56**
2016	5	46	9	4	7	6	**77**
2017	2	37	7	7	3	4	**60**
2018	2	57	5	6	5	0	**75**
2019	0	82	8	4	4	4	**102**
2020	1	55	7	3	3	2	**71**
2021	0	85	15	6	1	1	**108**
2022	4	127	21	10	1	2	**165**
2023	2	149	17	11	6	1	**186**
2024	2	174	16	9	5	1	**207**
2025	2	157	30	7	4	3	**203**
Iomlán	**21**	**983**	**150**	**78**	**48**	**32**	**1310**

[∞] 2015: Ó Thosach Feidhme an Achta an 4 Meán Fómhair 2015 go dtí an 31 Nollaig 2015

I dTábla 4 soláthraítear anailís bhreise ar na sonraí sin de réir inscne le haghaidh taifid ar an gClár.

Tábla 4 – Clár um Inscne a Aithint 2015- 2025 de réir inscne agus aoise

Aois	Baineann go Fireann	% den iomlán	Fireann go Baineann	% den iomlán	Iomlán
16 — 17 mbliana	19	90%	2	10%	21
18 mbliana	129	66%	66	34%	195
19 — 20 bliain	98	42%	137	58%	235
21 — 30 bliain	243	44%	312	56%	555
31 — 40 bliain	72	49%	74	51%	146
41 — 50 bliain	50	63%	29	37%	79
51— 60 bliain	2	4%	45	96%	47
61 bliain d'aois nó níos sine	2	6%	30	94%	32
Iomlán	**615**	**47%**	**695**	**53%**	**1310**

5. Forálacha eile an Achta 2015

Cónaitheoirí nár rugadh in Éirinn

Faoi alt 9(1)(b) den Acht is féidir le cónaitheoir sa Stát nár rugadh in Éirinn iarratas a dhéanamh ar dheimhniú aitheantais inscne. As na 367 deimhniú aitheantais inscne a eisíodh in 2025, eisíodh 91 ceann acu chuig cónaitheoirí sa Stát nár rugadh in Éirinn iad. Bhí na hiarratasóirí go léir 18 bliain d'aois nó níos sine. Is é 467 líon iomlán na ndeimhnithe aitheantais inscne a eisíodh faoin alt sin ó thosach feidhme an Achta.

Aitheantas ar theastas a eisíodh i ndlínse eile

Ceadaíonn alt 11(2) den Acht do dhuine a d'athraigh a (h)inscne i ndlínse eile iarratas a dhéanamh ar dheimhniú aitheantais inscne. Fuarthas agus ceadaíodh trí iarratas faoin alt seo i rith na bliana 2025. Ó thosach feidhme an Achta eisíodh 19 dheimhniú san iomlán faoin bhforáil sin.

6. Cúlghairmeacha

Faoi alt 14 den Acht is féidir leis an Aire deimhniú aitheantais inscne a chúlghairm i gcás ina bhfuarthas faisnéis a d'fhágfadh go ndiúltófaí don deimhniú, más rud é go bhfuarthas an

fhaisnéis sin roimh eisiúint an deimhnithe. Níor chúlghair an tAire aon deimhnithe aitheantais inscne in 2025 faoin alt sin.

I gcás inar mian le sealbhóir deimhnithe aitheantais inscne filleadh ar a (h)inscne bhunaidh, faoi alt 15 den Acht ceadaítear dóibh iarratas a dhéanamh chuig an Aire chun an deimhniú a chúlghairm. Le linn 2025, rinneadh trí iarratas chun deimhniú aitheantais inscne a chúlghairm faoin alt sin. Rinneadh trí chúlghairm déag ó thosach feidhme an Achta, agus iad ar fad ó iarratasóirí os cionn 18 mbliana d'aois.

7. Leasuithe ar dheimhnithe aitheantais inscne

Faoi alt 16 den Acht, má tá earráid chléireachais nó earráid fíorais in ábhar deimhnithe aitheantais inscne, is féidir le sealbhóir an deimhnithe iarratas a dhéanamh chuig an Aire chun an deimhniú a chur á leasú. Fuarthas cúig iarratas chun Deimhniú Aitheantais Inscne a leasú le linn 2025. Níl ach sé cheartúchán déag déanta ó thosach feidhme an Achta.

8. Pasanna agus Saoránacht

Pasanna

Le halt 38 den Acht um Inscne a Aithint leasaíodh Acht na bPasanna 2008 ionas gur féidir le sealbhóir deimhnithe aitheantais inscne iarratas a dhéanamh chuig an Aire Gnóthaí Eachtracha le go n-eiseofar pas san ainm agus san inscne atá sonraithe ar an deimhniú aitheantais inscne.

D'eisigh an Roinn Gnóthaí Eachtracha 359 pas do shealbhóirí deimhnithe aitheantais inscne le linn 2025, ar eisíodh –11 gcinn acu do dhaoine aonair faoi bhun 18 mbliana d'aois. Ó thosach feidhme an Achta, eisíodh 1,397 pas do shealbhóirí deimhnithe aitheantais inscne, lena n-áirítear 58 pas do shealbhóirí faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Náisiúntacht agus Saoránacht

D'fhonn ligean do dhuine ar Chlár na mBreitheanna Coigríche a rogha inscne a bheith aitheanta, le halt 31 den Acht leasaíodh Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann 1956 chun foráil do bhunú agus do choimeád cláir aitheantais inscne maidir le breitheanna coigríche ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha. Níorbh fhéidir iarratas a dhéanamh faoin bhforáil sin roimh an 1 Nollaig 2017, nuair a tháinig rialacháin lena dtugtar éifeacht don alt sin i bhfeidhm[2]. Rinneadh dhá iarratas déag faoin alt sin in 2025. Deonaíodh 31 dheimhniú san iomlán faoi na forálacha sin ó thosach feidhme an Achta.

[2] Tagraítear in I.R. Uimh. 539/2017 na Rialacháin um Breitheanna Coigríche a Aithint, 2017 dó seo. Tá sé ar fáil anseo: http://www.irishstatutebook.ie/eli/2017/si/539/made/en/print

9. Clár aitheantais inscne maidir le huchtálacha idir tíortha

Le halt 33 den Acht um Inscne a Aithint 2015 leasaíodh an tAcht Uchtála 2010 chun ligean d'Údarás Uchtála na hÉireann "clár aitheantais inscne maidir le huchtuithe idir tíortha" a bhunú. Taifeadadh aon chlárú amháin ar an gClár Aitheantais Inscne maidir le hUchtaithe idir Tíortha le linn 2025. Fuarthas trí iarratas déag san iomlán faoin bhforáil sin ó thosach feidhme an Achta.

Meitheamh 2026